M.21T

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2005

## STAIR - GNÁTHLEIBHÉAL

(400 marc)

**DÉ CÉADAOIN, 15 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 - 5.20**

---

Ná freagair ach AON CHÚRSA AMHÁIN (Cúrsa I nó Cúrsa II).

*Ba chóir an t-am chun léitheoireachta agus athbhreithniúcháin a thabhairt san áireamh san uasmhéid ama a luaitear le gach ceist.*

---

**CÚRSA I**
**Sibhialtacht an Renaissance**
**(Stair na hÉireann, 1477-1625; Stair na hEorpa, 1453-1618)**

Freagair **GACH** ceann de na ceisteanna **A,B,C,D,E,F**.

Do stair na hEireann a thagraíonn **A, B** agus **C;** do stair na hEorpa a thagraíonn **D, E** agus **F.**

---

**A**

(Uasmhéid ama a mholtar: 20 nóiméad)

*Freagair go hachomair OCHT gcinn díobh seo a leanas. Is fiú 5 mharc an ceann iad. Is leor abairt nó dhó i ngach cás.*

1. Na daoine a raibh cónaí orthu sa Pháil in Éirinn i dtús ré na dTúdarach, cén fáth go n-íocaidís "Cíos Dubh"?
2. Mínigh ceann **amháin** de na téarmaí seo a leanas a bhain le hÉirinn na nGael: deirbhfhine; altramas; ceithearnach; tánaiste.
3. Ainmnigh mí-chleachtas **amháin** san Eaglais in Éirinn roimh an Reifirméisean.
4. Tabhair cúis **amháin** go raibh Anne Boleyn chomh mór sin in aghaidh Ghearóid Óig Mhic Gearailt, 9ú hIarla Chill Dara.
5. Mínigh modh **amháin** a bheartaigh na Túdaraigh a úsáid chun galldú a dhéanamh ar Éirinn.
6. Cén fáth ar bunaíodh Coláistí na nGael ar Mhór-Roinn na hEorpa i ndeireadh an 16ú haois?
7. Conas a d'éirigh le Richard Boyle saibhreas mór a chur i dtoll a chéile in Éirinn?
8. Cén chúis a bhí ag Perrot, Fear Ionaid an Rí in Éirinn, le hAodh Rua Ó Dónaill a fhuadach in 1587?
9. Cé a bhuaigh Cath Bhéal an Átha Bhuí, 1598?
10. Cad atá in Annála na gCeithre Máistrí?
11. Ainmnigh an ceangal a bhí idir Sir Walter Raleigh agus an Mhumha.
12. Cén fáth gur glacadh go maith in Éirinn le teacht i réim Shéamais I in 1603?
13. Plota an Phúdair 1605, cén tionchar a bhí aige ar Éirinn?
14. Cad dó a dtagraíonn an téarma "Teitheadh na nIarlaí"?
15. Cén ghné den ghníomhaíocht dhaonna a shamhlaíonn tú le duine **amháin** díobh seo a leanas:

    Máiréad de Buitléir, Cuntaois Urmhumhan; Sir William Skeffington; An tAthair David Wolfe; Gráinne Ní Mháille; Peter Lombard; Richard Stanihurst.

---

**B**

(Uasmhéid ama a mholtar: 20 nóiméad)

*Scríobh alt gairid i dtaobh gach ceann de DHÁ cheann díobh seo a leanas. Is fiú 20 marc an ceann iad.*

1. Na hÉilitheoirí, Lambert Simnel agus Perkin Warbeck.
2. Na filí in Éirinn sa 16ú haois.
3. Parlaimint an Reifirméisin, 1536-1537.
4. Géilleadh agus Athbhronnadh.
5. Imshocrú Chonnacht, 1585.
6. Conradh Mellifont, 1603.

---

**C**

(Uasmhéid ama a mholtar: 50 nóiméad)

*Déan trácht ar gach ceann de DHÁ cheann díobh seo a leanas. Is fiú 60 marc an ceann iad.*

1. Gearóid Óg Mac Gearailt, 9ú hIarla Chill Dara.
2. An Pháil, circa 1500.
3. Polasaithe polaitiúla agus reiligiúin na Banríona Máire Túdar in Éirinn, 1553-1558.
4. Seán Ó Néill faoi **gach** ceannteideal díobh seo a leanas:
   (i) Mar a tháinig sé ar a chuid cumhachta.
   (ii) An turas a thug sé ar chuairt na Banríona Eilís I.
   (iii) A thurnamh.
5. Reibiliúin na Mumhan, 1569-1583.
6. Plandáil Uladh faoi **gach** ceannteideal díobh seo a leanas:
   (i) Cúiseanna leis an bplandáil.
   (ii) Mar a cuireadh an phlandáil i gcrích.
   (iii) Torthaí na plandála.

**NÓ**

Topic i stair na hÉireann, 1477– 1625, **<u>nach bhfuil liostaithe</u>** i Roinn B nó i Roinn C.

---

## D

(Uasmhéid ama a mholtar: 20 nóiméad)

*Freagair go hachomair OCHT gcinn díobh seo a leanas. Is fiú 5 mharc an ceann iad. Is leor abairt nó dhó i ngach cás.*

1. Cén chaoi a roghnaítí an tImpire san Impireacht Rómhánach Naofa?
2. Ainmnigh an **dá** theaghlach a bhí i gcoimhlint lena chéile i gCogadh na Rós.
3. Cérbh iad na *conversos* sa Spáinn sa séú haois déag?
4. Luaigh an phríomhaidhm a bhí ag obair John Tetzel sa Ghearmáin.
5. Cén fáth ar thacaigh an oiread sin prionsaí Gearmánacha le Martin Luther?
6. Cé a scríobh *An Prionsa* agus cad leis a mbaineann sé?
7. Luaigh an phríomhaidhm a bhí ag Comhairle Trento.
8. Tabhair cúis **amháin** le hÁr Fhéile Bhairtliméid sa Fhrainc in 1572.
9. Cad chuige a bhí na hIanasóirí?
10. Cén toradh a bhí ar Chath Lepanto, 1571?
11. Mínigh cén fáth gur tháinig meath ar an Veinéis mar ionad trádála i ndeireadh an 16ú haois.
12. Tabhair cúis **amháin** go bhfuil tábhacht ag baint le Sir Francis Drake i stair Shasana.
13. Tabhair cúis **amháin** ar tháinig méadú suntasach ar phraghas earraí san Eoraip sa séú haois déag.
14. Luaigh fionnachtain thábhachtach **amháin** i gcúrsaí eolaíochta i rith na tréimhse, 1453-1618.
15. Cén ghné den ghníomhaíocht dhaonna a shamhlaíonn tú le duine **amháin** díobh seo a leanas:

    Thomas More; Albrecht Dürer; An Bhantiarna Jane Grey; Miguel de Cervantes; Proinsias Xavier; Catherine de Medici.

## E

(Uasmhéid ama a mholtar: 20 nóiméad)

*Scríobh alt gairid i dtaobh gach ceann de DHÁ cheann díobh seo a leanas. Is fiú 20 marc an ceann iad.*

1. Desiderius Erasmus.
2. Na Conquistadores.
3. Iognáid Loyola.
4. Sasana i rith réimeas Éadbhard VI, 1547-1553.
5. Forógra Nantes, 1598.
6. Teacht i dtreis Mhoscú sa 16ú haois.

## F

(Uasmhéid ama a mholtar: 50 nóiméad)

*Déan trácht ar gach ceann de DHÁ cheann díobh seo a leanas. Is fiú 60 marc an ceann iad.*

1. Proinsias I, Rí na Fraince, 1515-1547.
2. Aois na Taiscéalaíochta faoi **gach** ceannteideal díobh seo a leanas:
   (i) Ná cúiseanna a bhí leis na turais taiscéalaíochta.
   (ii) Feabhais i gcúrsaí loingseoireachta.
   (iii) Turais taiscéalaíochta de chuid na bPortaingéalach.
3. An méid a rinne Jean Calvin, 1504-1564, maidir le dul chun cinn an Reifirméisin, faoi **gach** ceannteideal díobh seo a leanas:
   (i) Na príomhphointí creidimh a bhí aige.
   (ii) Na blianta a chaith sé sa Ghinéiv.
   (iii) Scaipeadh an Chailvíneachais.
4. Séarlas V, an tImpire Rómhánach Naofa, 1519-1555.
5. Sasanna i rith réimeas Eilís I, 1558 - 1603.
6. Éiri Amach na hÍsiltíre faoi **gach** ceannteideal díobh seo a leanas:
   (i) Na cúiseanna a bhí leis an éirí amach.
   (ii) Torthaí eacnamaíochta agus sóisialta an éirí amach.
   (iii) An bhaint a bhí ag tíortha eile leis an éirí amach.

   **NÓ**

   Topaic i stair na hEorpa, 1453-1618, **<u>nach bhfuil liostaithe</u>** i Roinn E nó i Roinn F.

**CÚRSA II**
**Sibhialtacht na Linne Seo**
**(Stair na hÉireann, 1868-1966; Stair na hEorpa, 1870-1966)**
Freagair **GACH** ceann de na ceisteanna **A,B,C,D,E,F**.
Do stair na hÉireann a thagraíonn **A,B** agus **C;** do stair na hEorpa a thagraíonn **D,E** agus **F.**

**A**
(Uasmhéid ama a mholtar: 20 nóiméad)
*Freagair go hachomair OCHT gcinn díobh seo a leanas. Is fiú 5 mharc an ceann iad. Is leor abairt nó dhó i ngach cás.*

1. Cén fáth ar dhíbhunaigh W.E. Gladstone Eaglais na hÉireann in 1869?
2. Cad dó a dtagraíonn an frása “na trí F”?
3. Luaigh slí **amháin** inar chuidigh Mícheál Cíosóg le hathbheochan chluichí na hÉireann.
4. Cad a bhí i mBréaglitreacha Pigott in 1887?
5. Tabhair **dhá** chúis go raibh na hAontachtaithe in aghaidh Rialtais Dúchais i rith na tréimshe, 1886-1914.
6. Luaigh polasaí **amháin** a bhí ag Sinn Féin nuair a bhunaigh Art Ó Gríofa é in 1905.
7. Cén fáth ar tharla círéib i mBaile Átha Cliath de bharr dráma “The Playboy of the Western World” le John Millington Synge?
8. Cad a bhí in “Frithdhúnadh Bhaile Átha Cliath” in 1913?
9. Mínigh an tábhacht a bhaineann le hAcht um Rialú na hÉireann, 1920.
10. Tabhair cúis **amháin** go raibh daoine áirithe in aghaidh an Chonartha Angla-Éireannaigh (Nollaig 6, 1921).
11. Cén fáth a raibh tábhacht ag baint le Reacht Westminster, 1931?
12. Luaigh coinníoll **amháin** i mBunreacht na hÉireann, 1937.
13. Luaigh beart **amháin** de chuid an Rialtais sna blianta 1939-1945, chun neodracht na hÉireann a chaomhnú.
14. Mínigh cén fáth nár éirigh le hiarratas na hÉireann ar bhallraíocht i gComhphobal Eacnamaíochta na hEorpa in 1961.
15. Cén ghné ghníomhaíocht dhaonna a shamhlaíonn tú le duine **amháin** díobh seo a leanas:

    An Chuntaois Markievicz; James Joyce; Eoin Ó Dufaigh; Maureen O’Hara; Séamus Mac Aonghusa; Séan Ó Loingsigh.

**B**
(Uasmhéid ama a mholtar: 20 nóiméad)
*Scríobh alt gairid i dtaobh gach ceann de DHÁ cheann díobh seo a leanas. Is fiú 20 marc an ceann iad.*

1. Isaac Butt.
2. Conradh na Gaeilge

   **NÓ**

   Cumann Lúthchleas Gael
3. Cogadh Carthartha na hÉireann, 1922-1923.
4. “Scéim na Sionainne” ag Ard na Croise.
5. Éire i rith an Dara Cogadh Domhanda.
6. Séan Lemass ina Thaoiseach.

**C**
(Uasmhéid ama a mholtar: 50 nóiméad)
*Déan trácht ar gach ceann de DHÁ cheann díobh seo a leanas. Is fiú 60 marc an ceann iad.*

1. Ceist na Talún faoi **gach** ceannteideal díobh seo a leanas:
   (i) Mícheál Dáibhid agus Conradh na Talún.
   (ii) Gladstone agus ceist na talún.
   (iii) Rialtais Choimeádacha agus ceist na talún.
2. Aontachtaithe in aghaidh Rialtais Dúchais suas go dtí 1914.
3. Éirí Amach na Cásca, 1916.
4. Cumann na nGaedheal, 1922 – 1932.
5. James Craig, Príomh-Aire Thuaisceart Éireann, 1921-1940.
6. An chéad rialtas idir-pháirtí, 1948-1951.

   **NÓ**

   Topaic i Stair na hÉireann, 1868-1966, **nach bhfuil liostaithe** i Roinn B nó i Roinn C.

**D**

(Uasmhéid ama a mholtar: 20 nóiméad)

*Freagair go hachomair OCHT gcinn díobh seo a leanas. Is fiú 5 mharc an ceann iad. Is leor abairt nó dhó i ngach cás.*

1. Tabhair leasú **amháin** a tugadh isteach sa Bhreatain Mhór i rith na tréimhse, 1870-1914.
2. Luaigh tíonscal **amháin** a raibh tábhacht ag baint leis sa Ghearmáin i rith na tréimhse, 1870-1914.
3. Cad a bhí in Eachtra Fashoda, 1898?
4. Tabhair cúis **amháin** gur chaill an Rúis an Cogadh Rúis-Seapánach, 1904-1905.
5. Luaigh forbairt **amháin** i gcúrsaí cumarsáide i rith na tréimhse, 1870-1914.
6. Cén fáth ar tháinig Stáit Aontaithe Mheiriceá isteach sa Chéad Chogadh Domhanda in 1917?
7. Mínigh ceann **amháin** de na *Ceithre Phointe Dhéag* a bhí ag Woodrow Wilson.
8. Tabhair cúis **amháin** go raibh boilsciú sa Ghearmáin faoi cheannas Weimar i dtús na 1920idí.
9. Mínigh go hachomair polasaí Stalin maidir le comhshealúchas.
10. Cad a tharla sa Ghearmáin "Oíche na Sceanna Fada" (Meitheamh, 1934)?
11. Mínigh an tábhacht a bhaineann leis an gComhaontú Neamhionsaitheach Naitsí-Shóivéideach, 1939.
12. Ainmnigh **dhá** chomhghuaillí a bhí ag an nGearmáin i rith an Dara Cogadh Domhanda.
13. Cad a bhí in Imshuí Bheirlín, 1948?
14. Tabhair cúis **amháin** a bhí le turnamh Nikita Khrushchev san A.P.S.S. in 1964.
15. Cén ghné ghníomhaíocht dhaonna a shamhlaíonn tú le duine **amháin** díobh seo a leanas:

    Cecil Rhodes; Alexander Fleming; Amelia Earhart; Vera Lynn; Alfred Hitchcock; Matt Busby.

**E**

(Uasmhéid ama a mholtar: 20 nóiméad)

*Scríobh alt gairid i dtaobh gach ceann de DHÁ cheann díobh seo a leanas. Is fiú 20 marc an ceann iad.*

1. Bismarck agus an Eaglais Chaitliceach.
2. Cás Dreyfus sa Fhrainc.
3. Bolscaireacht Naitsíoch sa Ghearmáin.
4. An Ginearál Francisco Franco.
5. Cath na Breataine.

   **NÓ**

   D – Day.
6. Charles de Gaulle.

**F**

(Uasmhéid ama a mholtar: 50 nóiméad)

*Déan trácht ar gach ceann de DHÁ cheann díobh seo a leanas. Is fiú 60 marc an ceann iad.*

1. Ceist an Oirthir, 1870 – 1914, faoi **gach** ceannteideal díobh seo a leanas:
   (i) Na príomh-eilimintí i gceist an Oirthir.
   (ii) Mar a phléigh Comhdháil Bheirlín le ceist an Oirthir.
   (iii) An bhaint a bhí ag ceist an Oirthir le briseadh amach an Chéad Chogaidh Dhomhanda, 1914.
2. An iomaíocht idir na cumhachtaí Eorpacha le haghaidh coilíneachtaí thar lear sa tréimhse, 1870-1914.
3. An Chéad Chogadh Domhanda faoi **gach** ceannteideal díobh seo a leanas:
   (i) Fronta an Iarthair.
   (ii) Fronta an Oirthir.
   (iii) An cogadh ar muir.
4. Na Réabhlóidí sa Rúis in 1917.
5. Benito Mussolini.
6. Na céimeanna i dtreo aontachta san Eoraip, 1945-1966.

   **NÓ**

   Topaic i Stair na hEorpa,1870 – 1966, **<u>nach bhfuil liostaithe</u>** i Roinn E nó i Roinn F.

Leathanach Bán